
# Scéal, Scéal, Scéal...

**28 Márta 2024** || Eagrán 189

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

Dáta don dialann...



# AN FHÉILE SCOILDRÁMAÍOCHTA

Comhghairdeachas le gach scoil i gCois Fharraige a ghlac páirt sna babhtaí réigiúnacha den chomórtas seo. Bhí an caighdeán an-ard ar fad. Tá dhá dhráma ó Scoil Sailerna, ceann ó Scoil Cholmcille Ros an Mhíl  agus ceann ó Choláiste Chroí Mhuire imithe chun cinn go dtí an Comórtas Náisiúnta. Beidh sé seo ar siúl sa Muileann gCearr ó 17 -24 Aibreán. Guíonn muid gach rath orthu ar fad.





# COMÓRTAS FUTAFATA

Tá comórtas á reáchtáil ag FutaFata. Tá siad ag obair ar eagrán Gaeilge den tríú leabhar sa tsraith Dog Man le Dav Pilkey. Tá an laoch ag teacht ar ais agus neart scéalta eile aige in Dog Man Scéal an Dá Phuisín, atá le foilsiú sa bhFómhar. Sa leagan Béarla den leabhar seo, tá pictiúir de léitheoirí óga ag léamh lena gcuid madraí. Don eagrán Gaeilge, tá siad ag iarraidh na leathnaigh sin a líonadh le pictiúir de léitheoirí Éireannacha ag léamh Dog Man as Gaeilge lena gcuid madraí!

An bhfuil dlúthchara agat? An bhfuil ceithre chos ar an dlúthchara sin agus an mbíonn sé nó sí ag tafann? Ar mhaith leat a bheith mar chuid den tsraith is cáiliúla ar domhan? Dá mba mhaith, tá siad ag iarraidh cloisteáil uait!
Seol bhur gcuid grianghraif chuig: eolas@futafata.ie
Clibeálaigí ar na meáin shóisialta iad, @futafata, agus bain úsáid as an haischlib #léighledodogman

Ar mhaithe le riail agus reacht a chaomhnú (mar a bheadh ó Dog Man féin, ar ndóigh!) tá cúpla riail againn:
- Caithfidh tú cead tuismitheora nó caomhnóra a fháil sula seolfaidh tú pictiúr.
- Caithfidh tú cead a thabhairt dúinn an grianghraf a fhoilsiú in Dog Man Scéal an Dá Phuisín.
- Caithfear ceann de na leaganacha woof-igiúla Gaeilge a bheith á léamh agat sa phictiúr le do mhadra.

Spriocdháta: Dé hAoine, an 29 Márta 2024.

# CREIDIM IONAT

**Tá comhfheachtas Creidim Ionat idir lámaha ag Foras na Gaeilge agus RTÉ. Is é aidhm an fheachtais cur le pé leibhéal Gaeilge atá agat faoi láthair. Ar an 8 Aibreán a thosóidh sé agus leanfaidh sé ar feadh ceithre seachtaine. Beidh daoine aitheanta éagsúla  páirteach freisin. Tabharfaidh siad gealltanas spriocanna pearsanta maidir leis an nGaeilge a bhaint amach. Tá tuilleadh eolais le fáil agus deis chun cláraithe ag**
https://www.forasnagaeilge.ie/creidim-ionat-ga/

# CUMASÚ/EMPOWER

**Clár é CUMASÚ a dhíríonn ar na dúshláin shonracha a chuireann bacanna ar mhná atá i mbun gnó agus a chuidíonn leo deiseanna a thapú chun na gnóthaí sin a fhás agus a fhorbairt.**
**13 banfhiontraí a ghlac páirt sa gclár píolótach anuraidh. Tá Údarás na Gaeltachta agus EMPOWER chun clár Cumasú níos leithne a sheoladh i mbliana. Tá na cláir seo dírithe ar ar bhanfhiontraithe sna ceantair Ghaeltachta ar fad. Beidh an clár á reáchtáil i gcomhar le Moil Nuálaíochta agus le hOllscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) agus Ionad Rubicon MTU i gCorcaigh.**
**Tá dhá chúrsa atá á dtairiscint acu: TÚS, sraith 12 seachtain agus FÁS sraith 11 mí.**
**Tuilleadh eolais ar fáil ag www.empowerprogramme.ie agus Fb.me/EMPOWERHer.ie**

# MAITH É FIONNÁN!

**Thug Fionnán Ó Coisdealbha, scoláire as Coláiste Chroí Mhuire sa Spidéal, óráid sa mBruiséil le gairid ag searmanas bronnta an chomórtas aistriúcháin 'Juvenes Translatores'. Bhuaigh Fionnán príomhdhuais na hÉireann sa gcomórtas ar phíosa a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge. Ghlac os cionn 3,000 scoláire ar fud na hEorpa páirt sa gcomórtas seo. Is é Fionnán an chéad duine a thug óráid i nGaeilge ó tosaigh an comórtas seo agus labhair sé ar an mbród atá aige as an teanga agus chomh dearfach is atá sé faoina bhfui i ndán di. Is féidir éisteacht lena raibh le rá aige ag :**
**https://youtu.be/ec2phBOpPcQ.**
**Comhghairdeachas leat a Fhionnáin, tá Cois Fharraige bródúil asat!**



# FOLÚNTAIS AG AN ITT

Fáiltíonn an ITT roimh iarratais do phostanna mar Oibrí Luathbhlianta, ar bhonn lánaimseartha agus páirt aimseartha. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 5 nó 6 i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann) a bheith acu. Tá líofacht sa Ghaeilge riachtanach don phost seo.




Tá an ITT ag glacadh le hiarratais freisin do oibrithe Iarscoil. Níl cáilíocht cúram leanaí ag teastáil don Iarscoil. Le cur isteach ar aon cheann de na postanna thuasluaite, ní mór iarratais agus CV a sheoladh chuig ittancranntaca@gmail.com

# FOLÚNTAIS LE COMHARCHUMANN SHAILEARNA

Tá Comharchumann Shailearna ag lorg iarratais ar phost mar Riarthóir Oifige. Beidh an té a cheapfar freagrach as obair riaracháin a bhaineann leis na seirbhísí agus imeachtaí a bhíonn ar siúl sa Seanscoil. Is post páirtaimseartha 19.5 uair sa tseachtain atá ann. Ní mór Gaeilge líofa a bheith ag na hiarrthóirí. Tá an Comharchumann sa tóir ar Bhainisteoir Tograí chomh maith. Duine cruthaitheach, tionscantach atá ag teastáil. Beidh an té a cheapfar freagrach as plean oibre agus gníomhaíochtaí na Seanscoile a fheimhmiú. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an gComharchumann ag sailearna@gmail.com nó glaoch ar 091 399199 . Le hiarratas a dhéanamh, seol iarratas chomh maith le cóip de do CV chuig 'An Bainisteoir, Comharchumann Shailearna Teo, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe roimh 5 i.n. ar an Aoine 29 Márta.

Ros na Rún

# ÉISTEACHTA

Tá Ros na Rún sa tóir ar aisteoirí nua idir fhir agus mná atá os cionn 18 mbliana d’aois
Má tá suim agat éisteacht a dhéanamh seol ríomhphost chuig:
leiriuchain@rosnarun.com
le níos mó eolas a fháil



**SEOL RÍOMHPHOST CHUIG:**
leiriuchain@rosnarun.com

**NÓ GLAOIGH AR:**
091558400

# Gasúir le Gaeilge ag spraoi lena chéile





Maidin Dé Máirt agus Dé Céadaoin ag tosnú ar
10/04/24
9.30-10.45am

Indreabhán, Co. Na Gaillimhe

Don aoisghrúpa 0-12 Mí



Seisiúin chéadfacha "baby sensory" do pháistí beaga!



Tugann na seisiúin seo deis do thuismitheoirí an cheantair bualadh le chéile i spás suaimhneach, taitneamhach lena gcuid gasúir bheaga trí mheán na Gaeilge.



TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:
gasuirlegaeilge@gmail.com



# Aifreann na Cásca

## NA BHFORBACHA
Déardaoin Naofa 28ú Márta 11.00rn, 7.00in, 7.45in
Aoine an Chéasta 29ú Márta 3.00in 9.00in - 10.00in
Satharn Naofa 30ú Márta 11.30.rn to 12.00in, 8.45in
Domhnach Cásca 31ú Márta 10.00rn

## AN SPIDÉAL
Déardaoin Naofa 28ú Márta 8in
Aoine an Chéasta 29ú Márta 7in
Satharn Naofa 30ú Márta 9.30in
Domhnach Cásca 31ú Márta 11.00rn

## AN CNOC
Déardaoin Naofa 28ú Márta 6in
Aoine an Chéasta 29ú Márta 7.30in
Domhnach Cásca 31ú Márta 11.30rn

## NA MINNA
Aoine an Chéasta 29ú Márta 6in
Domhnach Cásca 31ú Márta 9.30rn

## AN TULACH
Aoine an Chéasta 29ú Márta 12.00
Satharn Naofa 30ú Márta  6in

## ROS A' MHÍL
Aoine an Chéasta 29ú Márta 3in
Satharn Naofa 30ú Márta  7in

